**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0119/2023**

4.4.2023

# TUARASCÁIL

ar chomhbhainistíocht iascaigh san Aontas agus rannchuidiú earnáil an iascaigh le bearta bainistíochta a chur chun feidhme
(2022/2003(INI))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir don tuairim: Clara Aguilera



*Aontaithe san éagsúlacht*

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ......................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ...........................................................................................................15

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................18

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........19

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar chomhbhainistíocht iascaigh san Aontas agus rannchuidiú earnáil an iascaigh le bearta bainistíochta a chur chun feidhme**
**(2022/2003(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 11 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE),

– ag féachaint d'Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do theachtaireacht an 25 Iúil 2001 ón gCoimisiún dar teideal 'Rialachas Eorpach - Páipéar Bán', (COM(2001)0428),

– ag féachaint do theachtaireacht an 11 Nollaig 2019 ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir thiar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014[2],

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathbhunú an dúlra (COM(2022)0304),

– ag féachaint do Threoirleabhar Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na comhbhainistíochta iascaigh,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0119/2023),

A. de bhrí gur cheart don chomhbheartas iascaigh (CBI) a áirithiú go rannchuideoidh gníomhaíochtaí iascaireachta le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta, agus gur cheart dó rannchuidiú le táirgiúlacht mhéadaithe agus caighdeán cóir maireachtála d'earnáil an iascaigh;

[1] IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.
[2] IO L 172, 26.6.2019, lch. 1.

B. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm ag Sprioc 14 de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe na haigéin, na farraigí agus na hacmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe;

de bhrí go n-áirítear leis sin rochtain ar acmhainní agus ar mhargaí muirí a thabhairt d'iascairí mionscála;

C. de bhrí go luaitear in aithris 14 i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh go 'bhfuil sé tábhachtach go mbeadh bainistiú CBI bunaithe ar phrionsabail an dea-rialachais'; de bhrí go bhfuil tuilleadh mionsonraí ar na prionsabail sin sa rialachán, go háirithe in Airteagal 3, lena leagtar béim ar chinnteoireacht atá bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, lena gcuirtear béim ar leith ar ról na Comhairle Comhairlí, rannpháirtíocht leathan na ngeallsealbhóirí agus dearcadh fadtéarmach;

D. de bhrí nach féidir le comhbhainistíocht oibriú ach amháin má urramaítear prionsabal na coimhdeachta; de bhrí go bhféadfadh ról éascaithe a bheith ag an Aontas Eorpach chun chomhbhainistíocht a dhéanamh indéanta;

E. de bhrí go n-áirítear sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus i Straitéis Bhithéagsúlachta 2030 gealltanais agus gníomhaíochtaí sonracha, ina measc sin bunú líonra níos leithne de limistéir faoi chosaint ar talamh agus ar muir ar fud AE, le leathnú limistéir Natura 2000; de bhrí go moltar i ndlí beartaithe AE maidir le hathbhunú an dúlra spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí a chur i bhfeidhm maidir le hathbhunú an dúlra i ngach Ballstát ar feadh 20 % ar a laghad de limistéir talún agus mhuirí AE faoi 2030, lena gcumhdófar i ndeireadh na dála na héiceachórais uile a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu faoi 2050;

F. de bhrí go bhfuil go leor cásanna ann ina gcuirtear comhbhainistíocht iascaigh chun feidhme go rathúil laistigh de na Ballstáit, lena n-áirítear sa Spáinn (an Ghailís, an Chatalóin agus an Andalúis), sa Phortaingéil (an Algarve agus Peniche-Nazaré), sa tSualainn (Kosterhavets), san Ísiltír, san Iodáil (Torre Guaceto), sa Fhrainc (Xle de Sein agus sa tionscadal Cogeco) agus sa Chróit (Telašćica agus Lastovo);

G. de bhrí go bhfuil go leor scéalta ratha i dtíortha is iarrthóirí AE amhail Türkiye (tionscadal SMAP III AE, a tugadh chun críche in 2009 i mBá Gökova, agus an chéad tionscadal eile SAD-Rubicon), agus i dtríú tíortha, amhail an tSeineagáil, le comhbhainistiú iascaigh ochtapas agus gliomach glas, agus tíortha na hÁise amhail an Bhanglaidéis, an Chambóid, na hOileáin Fhilipíneacha agus Srí Lanca;

H. de bhrí go rannchuidíonn na réigiúin is forimeallaí go mór le gné mhuirí AE, agus gurb ionann a limistéir eacnamaíocha eisiacha ollmhóra agus níos mó ná leath de limistéar eacnamaíoch eisiach AE[3];

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2022 dar teideal 'Putting people first, securing sustainable and inclusive growth, unlocking the potential of the EU's outermost regions' [Tús áite a thabhairt do dhaoine, fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú, leas a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí san Aontas]

I. de bhrí go bhfuil beagnach 80 % de bhithéagsúlacht AE faoi láthair ina réigiúin is forimeallaí agus ina thíortha agus críocha thar lear[4];

J. de bhrí gur gá saintréithe sonracha na hearnála iascaireachta ar mionscála a chur i gcuntas i roinnt réigiúin Eorpacha, go háirithe sna réigiúin is forimeallaí, ós rud é go n-úsáideann sé trealamh roghnaitheach iascaireachta a bhfuil tionchar níos ísle aige ar an gcomhshaol; de bhrí go bhfuil an earnáil tábhachtach chun fostaíocht a áirithiú i limistéir chósta agus chun caighdeán cóir maireachtála a ráthú do phobail áitiúla[5];

K. de bhrí gur féidir prionsabal ginearálta na comhbhainistíochta iascaigh a éascú trí thacaíocht agus treoirlínte ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon;

L. de bhrí go bhfuil creat dlíthiúil ag Ballstáit agus réigiúin áirithe don chomhbhainistíocht; de bhrí, go dtí seo, áfach, nach bhfuil aon reachtaíocht ann ar an leibhéal Eorpach agus nach bhfuil ach cúpla uirlis ann lena n-éascaítear cur chun feidhme sásraí comhbhainistíochta, fiú má tá comhbhainistíocht á húsáid chun roinnt iascach a bhainistiú i roinnt mhaith Ballstát de chuid an Aontais, agus rialacha á gcur i bhfeidhm a oireann go hiomlán do CBI atá ann faoi láthair;

M. de bhrí, i gcásanna áirithe, go raibh rátaí ratha éagsúla ag an mbainistíocht thraidisiúnta maidir le stoic a fheabhsú agus fostaíocht a choinneáil;

N. de bhrí nach féidir bainistíocht iascaigh a dheighilt ó ghnéithe eile a bhaineann leis an muirthimpeallacht agus le pobail chósta, amhail gnéithe eacnamaíocha, cultúrtha agus sóisialta, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, lena leagtar síos cuspóirí CBI, agus dá dtagraítear sa rialachán sin;

O. de bhrí go bhfuil sé deacair sonraí agus faisnéis maidir le muirthimpeallachtaí agus iascaigh a fháil agus a bhailiú; de bhrí go bhfuil rannpháirtíocht earnáil an iascaigh féin san obair sin, trí rannpháirtíocht dhíreach na ndaoine sin atá i mbun na gníomhaíochta sin, tábhachtach do gach comhlacht taighde poiblí agus príobháideach ar an leibhéal Eorpach, mar a leagtar síos in Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh;

P. de bhrí, i ngach cás comhbhainistíochta a luaitear thuas, go bhfuil an t-athrú ar ról na n-iascairí – ó ábhair éighníomhacha a chomhlíonann na rialacha go dtí príomhphearsana i mbainistiú iascaigh a chomhlíonann na rialacha comhaontaithe – ríthábhachtach do rath na dtionscnamh arna nglacadh, toisc go gcuirfidh siad le tuiscint níos fearr orthu, go ndéanfaidh siad iad a chosaint agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha sin, agus go mbainisteoidh siad a modhanna iascaireachta i gcur chuige bunaithe ar

---

(COM(2022)0198).

[4] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 dar teideal EU Biodiversity Strategy for 2030: Bringing nature back into our lives [Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (IO C 67, 8.2.2022, lch. 25).

[5] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Aibreán 2016 maidir le nuálaíocht agus éagsúlú na hiascaireachta cósta ar mionscála i réigiúin atá spleách ar iascach (IO C 58, 15.2.2018, lch. 82).

éiceachóras, lena dtuigfear tábhacht a n-iascach sna héiceachórais; de bhrí go gcuirtear béim ar ról na n-iascairí mar 'chaomhnóirí na farraige' trína rannchuidiú le ceapadh beartais spriocdhírithe, le bruscar muirí a laghdú agus le plaisteach a bhailiú ar muir, mar shampla;

Q. de bhrí go bhfuil ról ríthábhachtach ag earnáil an iascaigh, go háirithe iascach ar mionscála, maidir le faireachán a dhéanamh ar an gcomhshaol muirí agus ar stoic éisc, ag soláthar sonraí thar a bheith úsáideach agus ábhartha chun críocha cinnteoireachta;

R. de bhrí go bhfuil gá le hobair eolaíoch a tháirgeann sonraí rialta agus cothrom le dáta chun comhairle a thabhairt maidir leis na bearta atá le déanamh chun a áirithiú go n-úsáidfear acmhainní coiteanna ar bhealach freagrach, mar a leagtar síos in Airteagail 26 agus 27 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh;

S. de bhrí nach mór do chóras atá táirgiúil agus inbhuanaithe le himeacht ama a bheith slán agus cothrom ó thaobh na bitheolaíochta de chun cothromaíocht idir speicis a áirithiú, lena bhféadfar stoic a chothabháil anois agus amach anseo; de bhrí nach mór an córas bainistíochta acmhainní is fearr atá ann cheana – arna oiriúnú do gach cás – a úsáid chun na críche sin, agus gur léiríodh rath na gcóras comhbhainistíochta sna cásanna thuasluaite;

T. de bhrí gur measadh in 2017 go raibh 9 milliún duine ar a laghad i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta áineasa muirí san Eoraip agus gur thacaigh an earnáil iascaigh áineasa mhuirí le beagnach 100 000 post coibhéiseach lánaimseartha, agus tionchar eacnamaíoch bliantúil iomlán EUR 10.5 billiún ag an earnáil sin; de bhrí go n-úsáideann iascairí áineasa an fharraige agus a hacmhainní; de bhrí go gcuireann earnáil an iascaigh áineasa deiseanna eacnamaíocha ar fáil do phobail chósta;

U. de bhrí go luaitear sa pháipéar bán maidir le rialachas an Aontais Eorpaigh nár cheart beartais a chinneadh ag an mbarr a thuilleadh, gurb é dlisteanacht AE rannpháirtíocht a chuid saoránach, gur gá córas feidhmithe an Aontais a dhéanamh níos trédhearcaí ós rud é go mbraitheann rannpháirtíocht ar dhaoine a bheith in ann páirt a ghlacadh i ndíospóireacht phoiblí agus, chuige sin, gur gá an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas níos gníomhaí faoi shaincheisteanna Eorpacha; Moltar sa Leabhar freisin go mbeadh comhlachais de chomhlachtaí áitiúla rannpháirteach i gceapadh beartas agus go mbeadh níos mó solúbthachta i gcur chun feidhme beartas áirithe comhphobail a bhfuil tionchar críochach láidir acu; de bhrí gur tugadh isteach coincheap an réigiúnaithe le CBI athbhreithnithe agus gur leathnaíodh raon na gComhairlí Comhairleacha le haghaidh comhairliúcháin le geallsealbhóirí;

V. de bhrí go bhforáiltear cheana in Airteagal 9(10) de Rialachán (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na hiascaigh a shaothraíonn stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar 'i gcomhréir le prionsabail an dea-rialachais a bhunaítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, féadfaidh Ballstáit córais rannpháirtíocha bhainistíochta a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil chun cuspóirí an phlean a bhaint amach', ós rud é gur cineál bainistithe rannpháirtíochta í an comhbhainistiú;

W. de bhrí go bhfuil an comhbhainistiú, ar samhail rannpháirtíochta agus chomhfhreagrachta í, níos trédhearcaí agus níos réamhghníomhaí agus go bhfuil sé daonlathach mar an gcéanna, agus go gcuidíonn sí le sineirgí oideachais a chruthú chun bainistiú a dhéanamh ar an gcomhbheartas agus ar chultúr na freagrachta, lena mbunaítear líonraí muiníne agus lena gcuidítear le coinbhleacht a laghdú agus le drogall a shárú maidir le nuálaíochtaí i mbainistiú iascaigh a thabhairt isteach;

X. de bhrí go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag eagraíochtaí iascairí, amhail *cofradías*, *comités des pêches*nó *prud'homies de pêcheurs* i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na gcóras comhbhainistíochta; de bhrí gur eagraíochtaí seanbhunaithe iad *cofradías* a dhéanann ionadaíocht ar tháirgeoirí i roinnt Ballstát, agus gur ról bunúsach sa tsochaí atá acu maidir le pobail chósta a chothú; de bhrí, ina ainneoin sin, nach bhfuil siad aitheanta go fóill mar eintitis atá incháilithe do thacaíocht ón gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID;

Y. de bhrí go bhfuil ról lárnach ag iascairí, arb iad na príomh-gheallsealbhóirí iad, agus ag eagraíochtaí táirgeoirí maidir le príomhchuspóirí CBI a bhaint amach maidir le slándáil bia, uastáirgeacht inbhuanaithe, bainistiú cuótaí, margaíocht agus bearta caomhnaithe teicniúla; de bhrí, thairis sin, go dtugann siad dea-shampla de bhainistiú iascaigh in AE trí bhearta bainistíochta a chur ar bun trí rúin chomhpháirteacha ó iascairí, trí ghníomhaíochtaí iascaireachta a eagrú i gcomhréir le ceanglais an mhargaidh agus trí chomhoibriú le geallsealbhóirí éagsúla chun bearta bainistíochta a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil;

Z. de bhrí go gcuireann easpa ionadaíochta agus cuimsithe ban i mbainistiú iascaigh bac ar inbhuanaitheacht agus ar fhorbairt;

***Rannchuidiú an chomhbhainistithe le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh***

1. ag tarraingt aird ar an bhfíoras go gcuimsíonn córais comhbhainistithe iascaigh critéir chomhroinnte CBI, lena gcomhtháthaítear eolas comhchoiteann agus lena gcuimsítear aon ghníomhaí a bhaineann tairbhe as acmhainn chomhchoiteann, agus prionsabail bhainistíochta CBI, lena rannchuidítear leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 2 agus in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a bhaint amach;

2. á mheas, i ngach cás comhbhainistíochta a ndearnadh anailís uirthi, go bhfuil acmhainneacht shoiléir ann feabhas a chur ar inbhuanaitheacht acmhainní ar leibhéal an chomhshaoil, agus tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta na gníomhaíochta á gcoinneáil, ós rud é go bhfuil baint dhíreach ag gníomhaithe sóisialta agus eacnamaíocha leis an gcinnteoireacht sa chomhbhainistíocht; Tá na córais chomhrialachais sin tar éis éirí níos athléimní in aghaidh suaití a d'fhéadfadh a bheith ann amhail COVID-19, chomh maith le coinbhleachtaí a laghdú agus cinnteoireacht a éascú maidir le bainistiú iascaigh, lena gcothaítear daonlathú, trédhearcacht, muinín agus comhlíonadh na rialacha;

3. á chur i bhfios go n-éascaítear leis an gcomhbhainistíocht chinnteoireacht chomhthoiliúil idir an riarachán, na geallsealbhóirí ábhartha agus na comhlachtaí taighde, ar cheart dóibh gníomhú i gcónaí i gcomhréir le prionsabail CBI agus le rialacháin ábhartha eile, agus an cur chuige réamhchúraim á chur i bhfeidhm i ngach cás

chun a áirithiú go ndéanfar acmhainní a shaothrú ar bhealach atá go hiomlán inbhuanaithe ar bhonn uastáirgeacht inbhuanaithe an spriocspeicis; á chur i bhfios go láidir gur toisc thábhachtach é an cineál sin bainistíochta agus cinnteoireachta maidir le bearta caomhnaithe rathúla a chur i bhfeidhm, amhail limistéir mhuirí faoi chosaint agus bearta caomhnaithe éifeachtacha limistéarbhunaithe eile;

4. á chur i bhfios go láidir gur cheart earnáil an iascaigh áineasa a áireamh freisin i gcórais chomhbhainistíochta, lena gcuimsítear úsáideoirí agus gníomhaithe eacnamaíocha araon a rannchuidíonn le tairbhí socheacnamaíocha a ghiniúint do phobail; ag tabhairt dá haire gur deis é freisin comhbhainistiú a chur chun feidhme in CBI chun go ndéanfaí iascaigh áineasa a aithint agus a bhainistiú níos fearr sa bheartas sin;

5. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil córais chomhbhainistíochta bunaithe ar iascach, ach gur féidir leo feidhmiú freisin i gcásanna trasteorann agus limistéir gheografacha éagsúla a chumhdach, agus an timpeallacht ina n-oibríonn siad a chur san áireamh, agus cur chuige iomlánaíoch á chur i bhfeidhm ar an gcaoi sin; ag tabhairt dá haire, i ndáil leis an méid sin, go bhféadfadh socruithe comhbhainistíochta sásraí a chur ar fáil freisin le haghaidh socruithe maidir le babhtáil cuótaí;

6. ag tabhairt dá haire go bhfuil leanúntas de shocruithe comhbhainistíochta féideartha ann, lena gcumhdaítear socruithe comhpháirtíochta éagsúla agus céimeanna comhroinnte cumhachta;

7. á thabhairt chun suntais, ós rud é go bhfuil baint dhíreach ag comhlachtaí taighde le córais chomhbhainistíochta, go n-áirithítear bailiú feabhsaithe sonraí eolaíocha. á chur i bhfios go láidir go bhfágann an córas sin gur féidir sonraí agus eolas a ghiniúint a d’fhéadfadh a bheith deacair a fháil murach sin i bhfianaise an dlúthchaidrimh idir na páirtithe uile lena mbaineann (riarachán, tionscal agus taighdeoirí – an héilics triarach mar a thugtar air), agus ar an gcaoi sin cumas gach duine acu an fhaisnéis sin a úsáid chun freagairtí tapa agus éifeachtacha a thabhairt ar aon saincheisteanna a d’fhéadfadh difear a dhéanamh don iascach; ag cur sonrú, ina leith sin, sa an ról tábhachtach a d’fhéadfadh a bheith ag cistí an Aontais maidir le taighde agus bailiú sonraí a mhaoiniú agus ag tathant ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear deiseanna cistiúcháin san áireamh agus cistí an Aontais á gcur chun feidhme acu ar bhonn náisiúnta;

8. á chur i bhfios go láidir go gcabhraíonn an chomhbhainistíocht freisin le dálaí a chruthú d’earnáil an iascaigh a bheith inmharthana agus iomaíoch ó thaobh an gheilleagair de, chun caighdeán maireachtála leormhaith a áirithiú dóibh siúd atá ag brath ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus chun a áirithiú go gcuirfear leasanna tomhaltóirí agus táirgeoirí araon i gcuntas;

9. á chur i bhfáth gur féidir agus gur cheart úsáid a bhaint as eagraíochtaí táirgeoirí, *cofradías* agus eagraíochtaí eile amhail *comités des pêches* mar phríomhspreagthóirí comhbhainistíochta; á thabhairt chun suntais gur cheart an ról bunúsach atá ag na heagraíochtaí sin i mbainistiú iascaigh a aithint agus a neartú, lena n-áirítear trí thacaíocht ó CEMID;

10. ag cur béim ar an bhfíoras go rannchuidíonn an chomhbhainistíocht le deireadh a chur le cleachtais iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, ós rud é go bhfuil baint ag lucht tionscail agus riaracháin leo agus go bhfuil sé níos éasca míchleachtais a shainaithint agus a thuiscint agus iad a chomhrac, lena n-áirítear trí bhearta agus cleachtais rialaithe iomchuí agus éifeachtacha a bheith i bhfeidhm;

11. ag cur béim ar an ról ríthábhachtach atá ag na réigiúin is forimeallaí maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte agus truailliú na n-aigéan a chomhrac, i bhfianaise a scaipthe atá siad agus a suímh faoi phribhléid san Aigéan Atlantach agus san Aigéan Indiach; ag tabhairt dá haire nach mór acmhainneacht níos mó a chur ar fáil dóibh le haghaidh cláir forfheidhmithe agus faireacháin;

12. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh a chur chun feidhme go hiomlán chun tacú le samhlacha comhbhainistíochta, lena gcaithfidh na Ballstáit úsáid a bhaint as critéir thrédhearcacha agus oibiachtúla, lena n-áirítear critéir de chineál comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch, agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil dóibh á leithdháileadh acu; de bhrí go bhféadfadh tionchar na hiascaireachta ar an gcomhshaol, stair an chomhlíonta, an rannchuidiú leis an ngeilleagar áitiúil agus leibhéil gabhála stairiúla a bheith san áireamh sna critéir sin;

13. ag aithint gur féidir le comhbhainistíocht a bheith ina uirlis úsáideach chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí comhshaoil agus chun a áirithiú go gcuirfear bearta bainistíochta in oiriúint do shaintréithe sonracha na n-iascach aonair, as a dtiocfaidh glacadh agus comhlíontacht níos fearr ó thaobh na n-iascairí de;

á chur i bhfáth gur gá é a úsáid chun feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí agus bearta chun tionchair foghabhála ar speicis íogaire a íoslaghdú;

14. á chur i bhfáth gur cheart go n-áireofaí leis na cineálacha cur chuige comhbhainistíochta guthanna na ngeallsealbhóirí uile, lena n-áirítear guthanna ionadaithe ceardchumainn na náisiúnach tríú tír atá fostaithe in iascaigh AE, agus go mbeadh iarmhairtí tábhachtacha acu do dhálaí oibre agus do chearta saothair;

15. ag tarraingt aird ar an bhfíoras nach bhfuil aon mheasúnú aontaithe ar na cásanna inar cuireadh comhbhainistíocht chun feidhme in AE agus in áiteanna eile ar domhan lena sainaithnítear príomhthiománaithe an chórais;

á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar shamplaí na comhbhainistíochta iascaigh san Aontas chun dea-chleachtais a shainaithint, go háirithe i gcás ina bhfuil baint éifeachtach acu leis na geallsealbhóirí ábhartha sa phróiseas cinnteoireachta, agus chun tacú le céimniú isteach sa chomhbhainistíocht laistigh d’iascaigh eile agus sna comhlachtaí iascaigh réigiúnacha ina bhfuil sé rannpháirteach;

***Na príomhbhacainní ar chomhbhainistíocht san Aontas agus réitigh fhéideartha***

16. á chur i bhfáth gur tarraingíodh aird ar an easpa reachtaíochta, uirlisí agus ionstraimí sonracha de chuid an Aontais chun cur chun feidhme córas comhbhainistithe iascaigh a éascú mar chonstaic a chuireann cosc ar roinnt Ballstát an modh bainistithe iascaigh sin a úsáid, ós rud é go mbraitheann an reachtaíocht, na huirlisí agus na hionstraimí sin go heisiach ar thiomantas sonrach na n-údarás inniúil; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé solúbthacht a chur ar fáil in aon reachtaíocht nua de chuid an Aontais ionas gur féidir cleachtais agus traidisiúin reatha a choinneáil agus go gcuirfear uirlisí agus ionstraimí nua ar fáil, amhail malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit agus geallsealbhóirí rannpháirteacha, ar céim thábhachtach é chun úsáid na gcóras comhbhainistíochta a leathnú;

17. á chur i bhfáth go bhfuil easpa uirlisí cuí ann, amhail fóraim, chun samhlacha comhbhainistíochta agus bearta rialála lena n-éascaítear a gcur chun feidhme a mhalartú agus a fhorbairt;

ag tabhairt dá haire go bhfágann sé sin go bhfuil sé níos deacra na samhlacha cuí a chur chun feidhme i mBallstáit éagsúla, in ainneoin na spéise a d'fhéadfadh an earnáil agus na riaracháin a léiriú agus iad á gcur i bhfeidhm i réimse ar leith;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún creat rialála deonach neamhcheangailteach maidir le comhbhainistíocht iascaigh a chur ar fáil, lenar cheart an tsolúbthacht is gá a sholáthar le haghaidh na gcleachtas agus na dtraidisiún atá ann faoi láthair, chomh maith le measúnú ar an gcaoi a bhféadfaí na cleachtais sin a spreagadh agus a éascú, agus prionsabal na coimhdeachta á chur san áireamh agus tógáil ar shamplaí rathúla atá ann cheana sna Ballstáit agus i dtríú tíortha;

19. á iarraidh ar an gCoimisiún na Ballstáit leis na réigiúin is forimeallaí a chur i gcuntas, agus go háirithe na speicis atá ríthábhachtach do gach ceann de na réigiúin sin, agus na rialacháin bhliantúla maidir le gabhálacha agus cuótaí iomlána incheadaithe á moladh aige; á chur i bhfios gur cheart, le haon chreat bainistíochta, bainistiú níos fearr ar chuótaí iascaireachta idir na réigiúin is forimeallaí agus a mBallstáit a chur chun cinn, agus saintréithe gach ceann de na réigiúin sin á gcur i gcuntas; á chur i bhfios go láidir, i bhfianaise a thábhachtaí atá earnáil an iascaigh sna réigiúin is forimeallaí, gur gá do na Ballstáit faisnéis thráthúil a chur ar fáil maidir le héabhlóid thomhaltas na gcuótaí ionas gur féidir leis na réigiúin sin an earnáil a choimeád ar an eolas agus a gcabhlaigh a bhainistiú ar bhealach níos fearr;

20. á chur i bhfáth, chun córais chomhbhainistíochta níos fearr a áirithiú, go bhfuil gá le rialacha soiléire lena n-éascaítear na gnéithe sonracha uile is gá chun comhbhainistiú a dhéanamh go maith, amhail bunú coistí comhbhainistíochta, agus gá le dlús a chur le próiseas na mbeart cur chun feidhme, ós rud é go bhfuil imní ann nach bhfuil an creat reachtach i roinnt réigiún soiléir go leor faoi láthair, rud a chiallaíonn go bhfuil an t-amchlár is gá le haghaidh cruthú agus cur chun feidhme san fhadtéarma, cé go bhfuil gá le réitigh sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma;

21. á chur i bhfios go bhféadfadh easpa uirlisí fadtéarmacha agus forálacha dlíthiúla soiléire comhbhainistiú rathúil tionscadal iascaigh a chur i mbaol, ós rud é go mbaineann próisis mheántéarmacha agus fhadtéarmacha agus ceannaireacht thiomanta leis, arb é sin an fáth a bhfuil tacaíocht Eorpach don chóras sin bunriachtanach;

22. ag cur sonrú i ról sonrach na gComhairlí Comhairleacha maidir le rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí i bpróiseas cinnteoireachta AE a áirithiú; á mholadh don Choimisiún tuilleadh teagmhála a dhéanamh leis na Comhairlí Comhairleacha agus aiseolas cuí a áirithiú maidir lena gcuid moltaí; á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a mheas maidir leis an gcaoi ar cuireadh moltaí na gComhairlí Comhairleacha i gcuntas; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí uile sna Comhairlí Comhairleacha agus a mhéid a rannchuidíonn siad leis na moltaí faoi seach;

23. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá obair na gComhairlí Comhairleacha sa phróiseas cinnteoireachta maidir le bainistiú iascaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rannpháirtíocht i gcruinnithe na Comhairle Comhairlí a mhéadú agus cumarsáid níos fearr a dhéanamh maidir le luach a gcomhairle; á mheas nach mór ról na gComhairlí Comhairleacha a fhorbairt tuilleadh;

24. ag tabhairt dá haire gur minic nach mbíonn na hacmhainní ag iascairí ar mionscála atá ar fáil d'iascaigh thionsclaíocha chun páirt rathúil a ghlacadh sa phróiseas reachtach, as ar eascair éagothroime shuntasach i gcreataí beartais iascaigh náisiúnta go stairiúil;

25. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gealltanas a chur chun cinn, laistigh de rialacha CEMID, do shamhlacha comhbhainistíochta don iascach, le cistiú leormhaith chun a gcaiteachas oibríochtúil a chumhdach;

26. á thabhairt chun suntais go bhfuil eagraíochtaí táirgeoirí tábhachtach freisin le go n-éireoidh le bainistiú iascaigh, ós rud é go bhfuil cur chuige ón mbun aníos acu a chuireann béim ar rannpháirtíocht an phobail agus ar ghluaiseachtaí an phobail;

27. ag tabhairt dá haire gur féidir creat de chuid an Aontais a fhorbairt faoi CBI atá ann faoi láthair, ach nach bhfuil aon chreat den sórt sin forbartha fós;

***Comhbhainistíocht iascaigh – cuimsiú san athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar an gcomhbheartas iascaigh***

28. ag moladh go n-áireofaí comhbhainistíocht mar is ceart in athbhreithnithe ar CBI amach anseo, agus go sainíonn FAO comhbhainistíocht mar 'shocrú comhpháirtíochta ina bhfuil pobal na n-úsáideoirí acmhainní áitiúla (iascairí) agus an rialtas, le tacaíocht agus cúnamh de réir mar is gá ó gheallsealbhóirí eile (úinéirí báid, trádálaithe éisc, próiseálaithe éisc, tógálaithe báid, lucht gnó, etc.) agus gníomhairí seachtracha (eagraíocht neamhrialtasacha, institiúidí acadúla agus taighde), an fhreagracht agus an t-údarás maidir le bainistiú an iascaigh a roinnt le chéile'; á chur i bhfios nach mór é sin a dhéanamh ar bhealach lena n-urramaítear prionsabal na coimhdeachta, agus cúram á dhéanamh gan an bonn a bhaint ó na samhlacha éagsúla comhbhainistíochta atá i bhfeidhm cheana, agus lena n-áirithítear go rachfar i gcomhairle go cuí leis na

geallsealbhóirí ábhartha uile, amhail iascairí, údaráis agus an pobal eolaíochta, agus go mbeidh siad rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta;

29. á iarraidh ar na Ballstáit tacú le forbairt córas comhbhainistithe iascaigh trí chreataí náisiúnta agus dlíthiúla a chur chun feidhme láithreach bonn, ag tógáil ar na dea-chleachtais a tugadh faoi deara i mBallstáit eile agus le tacaíocht ón gCoimisiún

30. ag tabhairt dá haire, i roinnt mhaith tíortha ar fud an domhain, go bhfuil bainistíocht iascaigh bunaithe den chuid is mó ar chur chuige ón mbarr anuas atá dírithe ar iascaigh thionsclaíocha nó ar mórscála, ar éifeachtúlacht eacnamaíoch agus ar inbhuanaitheacht comhshaoil; á mheas nach iomchuí i gcónaí an cur chuige sin i bhfianaise na ndifríochtaí idir réigiúin agus na saintréithe sonracha a bhaineann le ranna cabhlaigh amhail iascaigh ar mionscála, rud a bhainfeadh tairbhe mhór as rannpháirtíocht an phobail iascaireachta in uirlisí bainistithe iascaigh, agus nárbh é an cur chuige is fearr é maidir le hiascaigh leaththionsclaíocha agus thionsclaíocha ach oiread;

31. á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach taighde eolaíoch a áireamh san eolaíocht shóisialta mhuirí chun forbairt cur chuige agus cleachtas bainistithe iascaigh atá níos cuimsithí agus níos cothroime a threorú;

32. á chur i bhfáth gur faoi rialtais den chuid is mó atá rogha na hionstraime a úsáidtear chun acmhainní iascaigh a bhainistiú, cé go léiríonn taithí ar fud an domhain go neartaíonn cineálacha éagsúla comhpháirtíochta idir an rialtas, an tionscal agus iascairí an bhainistíocht agus go dtugann siad tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha do na limistéir lena mbaineann; á chur i bhfios gur thángthas ar an gconclúid cheana i dtuarascáil 1987 ón gCoimisiún Domhanda maidir leis an gComhshaol agus Forbairt, ‘Ár dTodhchaí Choiteann’, ar a dtugtar Tuarascáil Brundtland de ghnáth, gur cheart rochtain níos mó a bheith ag pobail ar an bpróiseas cinnteoireachta a dhéanann difear d’acmhainní comhchoiteanna, lena n-áirítear freagracht mhéadaithe, chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar acmhainní nádúrtha agus, dá bhrí sin, gur cheart rochtain níos mó a bheith ag pobail ar an bpróiseas cinnteoireachta, lena n-áirítear freagracht mhéadaithe, i gcomhar leis na riaracháin agus na heagraíochtaí ábhartha i gcónaí; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, a thábhachtaí atá sé prionsabal na coimhdeachta a chur i bhfeidhm chun a ráthú go ndéanfar cinntí ar an leibhéal ceart riaracháin, agus rannpháirtíocht chuí na ngeallsealbhóirí ábhartha á háirithiú ar an gcaoi sin;

33. á athdhearbhú go bhfuil comhbhainistíocht iascaigh ann cheana agus gur éirigh léi i mórán de na cásanna aitheanta; ag tabhairt dá haire go bhfuil siad sin bunaithe ar chreataí dlíthiúla éagsúla, ar an leibhéal áitiúil araon, amhail sa Ghailís, sa Chatalóin agus san Andalúis sa Spáinn, agus ar leibhéal an stáit, amhail sa Phortaingéil, san Iodáil, sa Fhrainc, sa tSualainn, sa Chróit agus san Ísiltír; á chur i bhfáth go gcuireann an easpa taithí agus dea-shamplaí ar an leibhéal Eorpach cosc ar an gcóras sin a chur i bhfeidhm i réigiúin agus i dtíortha eile;

34. á thabhairt chun suntais gur gá uirlisí comhbhainistíochta trasteorann a fhorbairt freisin do réigiúin áirithe, le tacaíocht agus rannpháirtíocht an Choimisiúin; ag cur béim, ina leith sin, ar eiseamláir an tsocraithe a cuireadh ar bun idir an Fhrainc, an Ríocht Aontaithe agus Oileáin Mhuir nIocht maidir le bainistiú iascaigh sa réigiún, ar socrú é

atá níos lárnaithe ó Brexit; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gComhairle Comhpháirtíochta faoin gComhaontú Trádála agus Comhair leis an Ríocht Aontaithe breithniú a dhéanamh ar shocruithe éagsúla le haghaidh comhair in uiscí Spleáchríocha na Corónach; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, go bhféadfadh na socruithe a rinneadh roimhe seo faoi Chonradh Chuan Granville bonn a chur ar fáil le haghaidh na n-oiriúnuithe a dhéanfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta ar na rialacha amach anseo;

35. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil geallsealbhóirí rannpháirteach go leordhóthanach i mbainistiú iascaigh le tríú tíortha, bíodh sé sin le haghaidh leithdháileadh cuótaí, gabhálacha iomlána incheadaithe nó bearta teicniúla; á áitiú go nglacfadh an Coimisiún lena ról mar ionadaí an Aontais agus é ag déileáil le tríú tíortha chun samhlacha bainistithe rannpháirtíochta feabhsaithe agus comhbhainistíocht i gcásanna trasteorann le tríú tíortha a mholadh

36. ag cur béim ar an bhfíoras, maidir leis an Aontas Eorpach, go luaitear comhbhainistíocht agus coincheapa comhchosúla amhail comhrialachas nó bainistiú rannpháirteach sna brollaigh a ghabhann le hionstraimí dlíthiúla éagsúla AE, ach nach bhfuil aon fhorálacha lánfhorbartha ann maidir leis an ábhar;

ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le níos mó díospóireachta chun na bearta sonracha is gá don chóras bainistithe iascaigh seo a chur chun cinn, ionas go mbainfear leas as na tairbhí atá curtha ar fáil cheana féin ag an gcomhbhainistíocht i réigiúin éagsúla agus i gcásanna éagsúla;

37. ag cur béim ar an bhfíoras go bhféadfadh an tAontas Eorpach cur chun feidhme na comhbhainistíochta a éascú ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go ndíreodh bearta AE don chomhbhainistíocht ar thionscnaimh chumasúcháin ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta agus ar mhalartú dea-chleachtas;

38. á chur i bhfáth go gcinntear rath na comhbhainistíochta trí struchtúir rannpháirtíochta agus coiste ildisciplíneach a bheith ann ina bhfuil íosmhéid geallsealbhóirí a dhéanann ionadaíocht ar na gealsealbhóirí uile i mbainistiú iascaigh, agus i gcás ina gcuirtear i gcuntas ábhair imní maidir le cothromas, ionadaíocht agus an comhshaol agus ina n-áirítear pobail imeallaithe;

39. á chur i bhfáth, i bhfianaise na samplaí a ndearnadh staidéar orthu, go bhfuil comhbhainistíocht iascaigh níos athléimní agus níos oiriúnaí ná go leor córas eile bainistithe iascaigh agus, i mórán cásanna, go raibh comhtháthú sóisialta níos fearr, cothromas níos fearr, stoic fheabhsaithe agus brabúsacht fheabhsaithe mar thoradh air;

40. á chur i bhfáth gur féidir an t-eolas agus na sonraí eimpíreacha a bhailíonn iascairí óna dtimpeallacht a chur i gcuntas ar bhealach níos fearr, agus ina leith sin, le forbairt na n-eolaíochtaí rannpháirtíochta, nach mór go mbeifí in ann na sonraí sin agus an t-eolas eimpíreach sin a aistriú chun cabhrú le hobair taighdeoirí; ag spreagadh an Choimisiúin glaonna ar thairiscintí a sheoladh chun feabhas a chur ar chuimsiú an eolais eimpírigh sin san obair eolaíoch ar gach leibhéal;

41. á chur i bhfios, ar an leibhéal Eorpach freisin, gur cheart do bhainistiú iascaigh feabhas a chur ar an idirphlé idir an Coimisiún agus earnáil an iascaigh, mar shampla trí infheistíocht níos mó a dhéanamh sna Comhairlí Comhairleacha chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcomhairle a chuireann siad ar fáil ar an leibhéal Eorpach agus chun bainistiú iascaigh a dhéanamh níos éifeachtaí;

42. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, chun cothrom iomaíochta a chruthú in iascaigh AE, tacaíocht leormhaith a áirithiú do gach eagraíocht a bhaineann le hiascaigh, go háirithe iascairí ar mionscála, eagraíochtaí táirgeoirí ar mionscála agus comharchumainn atá i mbun próisis chomhbhainistíochta;

43. á áitiú gur gá Coinbhinsiún Aarhus maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil a chur chun feidhme go hiomlán; á chur i bhfios go gcruthaítear leis an gcoinbhinsiún sin an oibleagáid idirnáisiúnta na pobail a ndéanann na cinntí atá le déanamh difear dóibh a bheith rannpháirteach sa phróiseas cinnteoireachta;

44. á chur i bhfáth go bhfuil tacaíocht na gcabhlach cósta agus caomhnú na n-éiceachóras cósta i measc thosaíochtaí CBI; á mheas, ina leith sin, gur gá bainistiú iascaigh a bheith chomh gar agus is féidir don leibhéal áitiúil; ag tabhairt dá haire nach leor a thuilleadh Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena gcruthaítear srianta ar an bprionsabal ‘rochtain ar uiscí’, chun na cabhlaigh sin a chaomhnú; á mheas gur cheart gurbh í an chomhbhainistíocht an norm do bhainistiú iascaigh an limistéir chósta;

°

° °

45. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

De réir thuarascáil 2020 FAO 'Staid an iascaigh agus an dobharshaothraithe dhomhanda'[1], tháinig laghdú ar stoic a bhí laistigh de leibhéil inbhuanaithe ó thaobh na bitheolaíochta de ó 90 % in 1974 go 65.8 % in 2017, agus tháinig méadú ar chéatadán na stoc iascaigh ar leibhéil neamh-inbhuanaithe ó thaobh na bitheolaíochta de, go háirithe ag deireadh na 1970idí agus na 1980idí, ó 10 % in 1974 go 34.2 % in 2017. In 2017, bhí an sciar ab airde (62.5 %) de stoic éisc ar leibhéil neamh-inbhuanaithe ag an Meánmhuir agus an Mhuir Dhubh, agus san Atlantach thiar theas bhí sé cothrom le 53.3 %.

Déanann an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF), atá i gceannas ar fhaireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an Chomhbheartais Iascaigh, tagairt sa tuarascáil is déanaí uaidh maidir le feabhas a chur ar stoic iascaireachta san Atlantach Thuaidh agus sa Mheánmhuir, cé nár comhlíonadh an cuspóir maidir le dea-stádas na stoc éisc a bhaint amach faoi 2020 a cheanglaítear leis an CBI, agus nach bhfuil stoc nach bhfuil róshaothraithe ach ag 40% agus 17 % de na stoic iascaireachta sna limistéir a luaitear faoi seach agus laistigh de pharaiméadair bhitheolaíocha inbhuanaithe[2].

De réir na sonraí arna léiriú ag FAO agus STECF araon, theip ar na córais thraidisiúnta bainistithe iascaigh a cuireadh i bhfeidhm go dtí seo an chothromaíocht is gá a bhaint amach idir iascaigh inbhuanaithe agus bhrabúsacha, ar an leibhéal éiceachórais agus ar an leibhéal socheacnamaíoch araon.

Ar an taobh eile, mar thoradh ar éabhlóid na sochaí ina réimsí agus ar a leibhéil uile, tá rochtain níos fearr ar fhaisnéis a bhuí leis an idirlíon agus an domhandú, rud a bhfuil tionchar aige ar na meáin éagsúla freisin. Tá claonadh ann faoi láthair gníomhaithe a chomhcheangal a bhfuil an ról céanna acu, agus gníomhaithe a chomhcheangal a bhfuil róil éagsúla ach chomhlántacha acu freisin, atá nasctha leis an gcuspóir céanna nó leis an leas céanna. Éilítear leis sin bainistiú níos rannpháirtí ina bhfuil an riarachán agus an pobal eolaíochta araon san áireamh, ach thar aon ní eile, geallsealbhóirí sóisialta éagsúla agus, i gcás iascaigh, na gníomhaithe iad féin, i.e. an earnáil. Léirítear an méid sin sa Pháipéar Bán maidir le rialachas an Aontais Eorpaigh, ina meastar gur saincheist rannpháirtíocht na saoránach é dlisteanacht an Aontais.

Braitheann bainistiú feabhsaithe iascaigh den chuid is mó ar dhea-bhailiú sonraí agus ar anailís cháilithe ar an bhfaisnéis sin. Tá an fhaisnéis sin bunriachtanach chun go mbeifear in ann cinntí a dhéanamh chun bainistíocht iascaigh a fheabhsú, agus ní fhéadfar í a fháil ach amháin trí pháirt éifeachtach a thabhairt d'earnáil an iascaigh agus í a áireamh sa chinnteoireacht. Dá bhrí sin, cuireann samhlacha atá bunaithe ar chomhbhainistíocht i bhfad níos mó faisnéise ar fáil, rud a chruthaíonn timpeallacht mhuiníne agus mheasa, rud a fhágann go bhfuil cinnteoireacht agus frithghníomhú i bhfad níos tapúla, níos éasca agus níos cairdiúla ná mar a dhéantar leis an tsamhail bhainistíochta thraidisiúnta.

---

[1]https://www.fao.org/3/ca9229en/online/ca9229en.html#fig19

[2] An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) – Faireachán ar fheidhmíocht an Chomhbheartais Iascaigh (STECF-Adhoc-21-01). EUR 28359 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021.

Tá an chomhbhainistíocht, mar chóras bainistithe iascaigh arna bhailíochtú ar an leibhéal Eorpach agus domhanda freisin le go leor cásanna rathúla léirithe sa doiciméad seo, á chur i gcuntas sna rialacháin agus sna doiciméid oifigiúla is déanaí a d'fhoilsigh comhlachtaí éagsúla feidhmiúcháin agus bainistithe an Aontais Eorpaigh, ach gan an chosaint dhlíthiúil is gá a thabhairt dó ionas gur féidir í a chomhtháthú go héifeachtach agus go héifeachtúil i mbeartais na mBallstát éagsúil.

Creideann an Rapóirtéir, chun go mbeidh údaráis na mBallstát in ann samhlacha comhrialachais a ghlacadh, go bhfuil gá le creat dlíthiúil atá chomh cineálach agus is féidir, atá solúbtha, lena n-aontaítear critéir agus samhlacha dá bhforbairt agus dá n-oiriúnú do shaintréithe sonracha na n-iascach agus na réigiún éagsúil, agus a cheadaíonn agus a spreagann tionscnamh earnáil an iascaigh samhlacha den sórt sin a chur chun feidhme. Ní mór uirlisí reachtacha, riaracháin, eacnamaíocha agus comhairleacha ábhartha a bheith ar fáil sa tionscal agus d'údaráis na mBallstát araon.

Creideann an Rapóirtéir go bhfuil gá le nasc, cumarsáid agus malartú eolais níos fearr idir an domhan eolaíoch, i dtéarmaí bitheolaíocha agus socheacnamaíocha araon, trí pháirt a thabhairt d'iascairí agus d'oibrithe eile san earnáil i mbailiú sonraí agus i dtorthaí na meastóireachtaí a dhéantar ar a bhonn sin, chomh maith leis na húdaráis éagsúla a bheidh in ann tuiscint níos fearr a fháil ar fheidhmiú an iascaigh, chun muinín na ngeallsealbhóirí a bhfuil baint acu le bainistiú iascaigh a fheabhsú.

Áitíonn an Rapóirtéir ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht áitiúil agus stáit atá ann cheana maidir le comhbhainistíocht, agus na critéir chomhchoiteanna a ghlacadh sna samhlacha éagsúla a bhfuil sé cruthaithe go bhfuil rath orthu sa lá atá inniu ann, chun ceanglais dhlíthiúla chineálacha agus shoiléire a bhunú, ar ceanglais iad atá infheidhme go díreach sna Ballstáit, lena gceadaítear coistí comhbhainistithe iascaigh a bhunú lena n-áiritheofar ionadaíocht na ngeallsealbhóirí éagsúla a bhfuil baint acu le hiascaigh agus inbhuanaitheacht na n-éiceachóras muirí faoi reachtaíocht choiteann Eorpach do na Ballstáit uile.

Áitíonn an Rapóirtéir ar an gCoimisiún comhbhainistíocht iascaigh a áireamh i gcistiú CEMID reatha agus cistí tacaíochta iascaigh a bheidh ann amach anseo, leis an uasmhéid cabhrach chun a n-úsáid a dhreasú agus tús áite a thabhairt do thionscadail a ghlactar ar bhonn samhlacha rannpháirtíochta níos mó ón mbun aníos, feabhas a chur ar an gcaidreamh idir na húdaráis, na daoine a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí iascaireachta agus an tsochaí ina hiomláine a bhfuil ionadaíocht acu sna grúpaí éagsúla atá mar chuid de chomhlachtaí cinnteoireachta comhbhainistíochta.

Measann an Rapóirtéir go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh comhlachtaí bainistíochta na n-eintiteas comhbhainistíochta iascaigh arna mbunú chun tionscadail a chur i gcrích chun bainistíocht iascaigh a fheabhsú comhdhéanta ar a laghad d'earnáil an iascaigh, riaracháin phoiblí, institiúidí eolaíocha poiblí agus príobháideacha agus eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil bonn acu sna réimsí a bheidh le bainistiú.

Iarrann an rapóirtéir ar an gCoimisiún béim a leagan sa reachtaíocht a fhorbraítear ar a thábhachtaí atá sé ról a thabhairt d'ionadaithe na sochaí sibhialta i ngach críoch sna

comhlachtaí bainistíochta sin ionas go n-áireofar ar na cinntí a dhéantar gnéithe comhshaoil agus forbartha agus go nglacfaidh agus go gcosnóidh an tsochaí ina hiomláine iad, agus muinín á cruthú chun próisis aischéimnitheacha a sheachaint i mbainistiú iascaigh ina gcuirtear samhlacha comhbhainistíochta chun feidhme.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 28.3.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 22<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, François-Xavier Bellamy, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Rosa D'Amato, Francisco Guerreiro, Niclas Herbst, Jan Huitema, Ladislav Ilčić, Pierre Karleskind, Predrag Fred Matić, Francisco José Millán Mon, Ana Miranda, João Pimenta Lopes, Caroline Roose, Bert-Jan Ruissen, Peter van Dalen |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gabriel Mato, Annalisa Tardino, Stéphanie Yon-Courtin, Theodoros Zagorakis |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 22 | + |
|---|---|
| ECR | Ladislav Ilčić, Bert-Jan Ruissen |
| ID | Annalisa Tardino |
| PPE | François-Xavier Bellamy, Peter van Dalen, Niclas Herbst, Gabriel Mato, Francisco José Millán Mon, Theodoros Zagorakis |
| Renew | Asger Christensen, Jan Huitema, Pierre Karleskind, Stéphanie Yon-Courtin |
| S&D | Clara Aguilera, João Albuquerque, Pietro Bartolo, Isabel Carvalhais, Predrag Fred Matić |
| Verts/ALE | Rosa D'Amato, Francisco Guerreiro, Ana Miranda, Caroline Roose |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| The Left | João Pimenta Lopes |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh